FÓGRA COMHAIRLIÚCHÁIN TIONSCAIL AGUS PHOIBLÍ

Dé Luain, an 10 Samhain 2025

Comhairliúchán Tionscail agus Poiblí i ndáil le PE-ENV-07006 *Measúnú Tionchair Bithéagsúlachta ar Thionscadail Bóithre Náisiúnta, Glasbhealach agus Taistil Ghníomhaigh.*

D'fhostaigh Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) SLR Environmental Consulting (Ireland) Ltd. chun Doiciméad Caighdeánach dar teideal PE-ENV-07006 *Measúnú Tionchair Bithéagsúlachta ar Thionscadail Bóithre Náisiúnta, Glasbhealach agus Taistil Ghníomhaigh* a ullmhú. Sa Doiciméad Caighdeánach seo, leagfar amach an cur chuige a éilítear le haghaidh Measúnú Tionchair Bithéagsúlachta ar Thionscadail Bóithre Náisiúnta, Glasbhealach agus Taistil Ghníomhaigh. Sonrófar ceanglais sa doiciméad freisin i leith úsáid a Mhéadrachta Bithéagsúlachta.

Tá barúlacha á lorg ag BIÉ ón tionscal agus ón bpobal anois ar dhréacht den Doiciméad Caighdeánach seo.

Is é an dáta deiridh chun barúlacha a fháil 5pm Dé hAoine an 23ú Eanáir 2026.

Féadfar barúlacha a chur isteach mar ríomhphost chuig: EnvironmentalPolicyCompliance@tii.ie

nó, de rogha air sin, tríd an bpost chuig:

An Rannóg Beartais agus Comhlíonta Comhshaoil, Bonneagar Iompair Éireann, Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, D08DK10.

Cosaint Sonraí

Próiseálann BIÉ sonraí pearsanta i gcomhréir lena Fhógra Maidir le Cosaint Sonraí atá le fáil ag www.tii.ie

Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Tá BIÉ faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007 go 2018. Beidh aighneachtaí a fhaightear mar chuid den chomhairliúchán tionscail agus poiblí seo, dá réir sin, faoi réir fhorálacha an Achta agus na Rialachán.

Foilsiú na Tuarascála maidir leis an gComhairliúchán Tionscail agus Poiblí

Tar éis an chomhairliúcháin tionscail agus phoiblí seo, ullmhófar tuarascáil agus, ina dhiaidh sin, foilseofar í ar shuíomh gréasáin Foilseacháin BIÉ. Sa tuarascáil doiciméadófar: na barúlacha a fuarthas; na freagraí ar na barúlacha sin; agus na gníomhaíochtaí a rinneadh (i gcás ina meastar gur cuí) chun na barúlacha a ionchorprú sa doiciméad. Mar sin féin, fágfar faisnéis phearsanta, lena n-áirítear sonraí teagmhála agus aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de, ar lár ó aon sleachta foilsithe d'aighneachtaí.

Trí aighneacht a dhéanamh faoin gcleachtadh comhairliúcháin phoiblí seo, tá aitheantas á thabhairt agat dá bhfuil thuas agus tá toiliú á thabhairt agat leis.